# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T2 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 02

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

## Teideal an tSaothair: Albert Camus

**An tasc a bhí á mheas:** Roghnaigh an scoláire cur i láthair a dhéanamh agus labhairt faoin údar agus fealsúnaí Albert Camus.

**Formáid:** Cur i láthair le tionlacan sleamhnáin.

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Cumas Cumarsáide:

**Labhairt**

- **1.13** focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn.
- **1.14** taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge.
- **1.15** a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin.

**Idirghníomhú cainte**

- **1.20** freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
- **1.21** cumarsáid a choimeád sa súil agus déileáil le deacrachtaí tuisceana.
- **1.22** soiléiriú nó athrá a lorg

**Feasacht Teanga Agus Chultúrtha**

- **2.3** pátrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail &rl a aithint agus a úsáid.

**Féinfheasacht an fhoghlaimeora**

- **3.3** cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh.

## Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Roghnaigh an scoláire cur i láthair a dhéanamh ar an údar agus an fealsúnaí Albert Camus, bunaithe ar a shuim féin ann. Rinne sé taighde ar bhreith, óige, saothar litríochta agus ar bhás Albert Camus. Chuir sé príomhphointí cainte ar shleamhnáin agus d'ullmhaigh sé nótaí scripte don chur i láthair.

D'fhoghlaim sé foclóir bunaithe ar thíreolaíocht (m.sh An Ailgéir), ar litríocht (m.sh duais Nobel) agus gramadach bunaithe ar an mbriathar saor (maraíodh).

## Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

### Cumas cumarsáide:

Bhí cumas cumarsáide réasúnta maith ag an scoláire seo. Léirigh sé fuaimeanna agus dul na teanga ag leibhéal réasúnta. Bhí sé neirbhíseach. Bhí sé ábalta labhairt go neamhspleách cé gur chaith sé roinnt ama ag féachaint ar nótaí freisin.

### Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Thuig sé na ceisteanna a cuireadh air agus rinne sé iarracht inmholta ar fhreagraí a thabhairt.

### Feasacht teanga:

Bhí feasacht teanga agus tuisceana réasúnta maith ag an scoláire seo ar phatrúin agus ar chomhréir na Gaeilge. Bhí corr-earráid comhréire agus botúin ghramadaí anseo is ansiúd aige. Bhí taighde mhaith déanta aige ar a bhí idir lámha aige.

**Tuairiscín:** Ag teacht leis na hionchais

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill